



Údarás na
Gaeltachta

Straitéis 2018–2020

Tuairisc Athbhreithníthe



Riailas na hÉireann
Government of Ireland



Ráiteas Misin agus Fís

Ráiteas Misin

Pobal agus geilleagar fuinniúil, rathúil, inbhuanaithe Gaeltachta a fhorbairt agus an Ghaeilge mar phríomhtheanga phobail na Gaeltachta a neartú agus a bhuanú le go mbeidh an Ghaeltacht mar réigiún den scoth ar chaighdeán domhanda.

Fís

Pobal inbhuanaithe Gaeltachta a chothú ina mbeidh an Ghaeilge mar príomhtheanga, le heacnamaíocht láidir ag baint úsáid inbhuanaithe as na hacmhainní go léir a bheidh ar fáil agus le caighdeán maireachtáil den chéad scoth.



Cnoc Leitir Móir



Bord Údarás na Gaeltachta 2018-2020

Ar chúl (ó chlé): Debra Ní Shuilleabháin (Ciarraí), John Shéamuis Ó Fearraigh (Dún na nGall), Séamus Cosáí Mac Gearailt (Ciarraí), Siobhán Seoighe (An Mhí), Seán Mac Congamhna (Maigh Eo), Seosamh Ó Laoi (Gaillimh)
Chun tosaigh (ó chlé): Séamus Breathnach (Gaillimh), Máire Seo Breathnach (Port Láirge), Eunan Mac Cuinneagáin (Dún na nGall), Anna Ní Ghallachair (Cathaoirleach, Dún na nGall), Ian Mac Aindriú (Maigh Eo), Mary Uí Chadhain (Gaillimh), Cathal Seoighe (An Mhí, níl sa phictiúr)



Réamhrá an Chathaoirligh

Is iomaí corr a thagann sa saol ach is beag duine a thuar in 2018, nuair a seoladh Straitéis 2018-2020 Údarás na Gaeltachta, cá mbeadh muid mar Ghaeltacht, mar thír agus mar dhomhan go deimhin, faoin am go mbeadh na trí bliana sin caite.

Is furasta in am na paindéime díriú ar na srianta atá orainn ar fad agus ar na rudaí nach féidir a dhéanamh, ach is meabhrú dearfach í an achoimre straitéise seo ar an méid a bhain Údarás na Gaeltachta amach idir 2018 agus 2020, in ainneoin na ndúshlán idirnáisiúnta ar nós an Bhreathimeachta agus Covid-19.

Léirigh roinnt de na tograí straitéiseacha a bhí sonraithe againn nuálaíocht agus fad-radharcacht an Údaráis mar eagraíocht. Gan trácht ar bith ag tús thréimhse na straitéise ar choincheap an gteic, tá na hionaid oibre dhigiteacha seo anois go mór i mbéal an phobail Ghaeltachta, leis an bhéim atá ar an chian-oibriú agus ar dheiseanna oibre faoin tuath.

Chuir Údarás na Gaeltachta béim ar leith ar an turasóireacht sa straitéis freisin, rud a chuaigh go mór chun tairbhe do phobal na hÉireann le linn samhradh 2020 agus an bhéim nua ar an turasóireacht intíre i gcomhthéacs Covid-19. Tá súil againn tógáil air seo sna blianta amach romhainn.





Réamhrá an Chathaoirligh

D'fhág tacaíocht Covid-19 a chuir an tÚdarás ar fáil do chomhlachtaí Gaeltachta gur tháinig ardú suntasach ar líon na gcomhlachtaí atá anois i mbun gnó ar an idirlíon, a bhuíochas don Scéim Trádála Ar-Líne.

Chonacthas sa tréimhse idir 2018 agus 2020 dul chun cinn suntasach freisin i dtaca leis an phróiseas pleanála teanga agus Oifigigh Pleanála Teanga fostaithe chun an Ghaeilge a neartú in 18 Limistéar Pleanála Teanga éagsúla ar fud na Gaeltachta.

Go traidisiúnta, ar ndóigh, aithnítear Údarás na Gaeltachta le cúrsaí fostaíochta. Bhí an eagraíocht chun cinn ar an sprioc de 7,500 post i gcliaint-chomhlachtaí Gaeltachta go dtí gur chuir paindéim Covid-19 cúrsaí fostaíochta as riocht. Tá dóchas ann, áfach, go mbeifear in ann cur arís leis an líon fostaíochta nuair a bheas srianta na paindéime scaoilte.

Tá aitheantas ar leith ag dul d'úinéirí gnó agus príomhaithe na gcomhlachtaí a chruthaigh agus a chothaigh fostaíocht sa Ghaeltacht idir 2018 agus 2020, agus as na hÍobairtí a rinneadar ar mhaithe lena ngnó agus lena gcuid fostaithe.

Mar Chathaoirleach ar Bhord Údarás na Gaeltachta, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt d'fhoireann an Údaráis as an obair mhór i mbaint amach spriocanna na straitéise, agus tá aitheantas ag dul fosta don Bhord féin, as an tiomantas, treoir agus comhairle a chuireann siad ar fáil don eagraíocht.

Anna Ní Ghallachair
Cathaoirleach, Údarás na Gaeltachta



Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh

Bhí tréimhse na Straitéise 2018-2020 ar ceann de na tréimhsí ba corrraitheach agus ba spéisiúla i stair na linne seo, ach freisin ar ceann de na tréimhsí ba torthúla i bhforbairt agus dul chun cinn na Gaeltachta.

Mar eagraíocht, thug muid aghaidh in 2018 ar chur chuige nua a bhí fréamhaithe i mbealaí nua oibre, i bhforbairt inmharthana agus i gcumasú na pobail Ghaeltachta.

Agus trí bliana na Straitéise curtha isteach, tá toradh an fhadhbheathnaitheacht sin le feiceáil sa ngréasán gteic, san ardú suntasach atá tagtha ar fhostaíocht nuálaíoch, i bhforbairt branda nua don Ghaeltacht agus sa mborradh atá curtha faoin earnáil turasóireachta Gaeltachta, i measc go leor eile mar atá leagtha amach san Athbhreithniú seo.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghlacadh le Bord an Údaráis agus le fostaithe na heagraíochta, as an obair a chuireadar i mbaint amach spriocanna na Straitéise, chomh maith lenár gcuid geallsealbhóirí uile a chuidigh linn ár gcuid spriocanna a bhaint amach ar mhaithe le pobal na Gaeltachta agus a teanga.

Creideann muid go bhfuil bun-chloch láidir leagtha síos againn agus muid ag féachaint chun cinn ar ár gcéad Straitéis eile, ag aithint go bhfuil an domhan agus na Ghaeltacht go síor ag athrú, agus go bhfuil gá dúinn leanacht lenár gcur chuige nuálaíoch chun fanacht chun tosaigh ar an síor-athrú sin.

Mícheál Ó hÉanaigh

Príomhfheidhmeannach, Údarás na Gaeltachta





Croí na Gaeltachta

Pleanáil Teanga

UIMHREACHA

€2.28M

Infheistíocht de €2.28 milliún déanta i bPleanáil Teanga idir 2018-2020

21

21 Plean ceadaithe as 26 Limistéir Pleanála Teanga

3

3 Bhaile Seirbhíse Gaeltachta aitheanta – An Clochán Liath, Béal an Mhuirthead agus Daingean Uí Chúis

18

Fostaíodh 18 Oifigeach Pleanála Teanga agus 4 Oifigeach Pleanála Teanga Cúnta

Ní fiú d'Údarás na Gaeltachta tógáil ar fhís ar bith mura bhfuil an teanga féin – croí na Gaeltachta – mar chroílár na físe. Is le neartú na Gaeilge a neartóidh muid an Ghaeltacht.

Nuair a thosaigh Straitéis 2018-2020 an Údaráis, ní raibh aon phlean teanga i bhfeidhm sa Ghaeltacht. Faoi chríoch am na Straitéise, bhí 20 plean ceadaithe agus 22 duine fostaithe lena gcur i bhfeidhm.

Creideann Údarás na Gaeltachta gur ón mbun aníos, i gcomhar le na pobail, seachas ón mbarr anuas, is fearr oibriú chun an seod is luachmhaire dá bhfuil againn, an Ghaeilge, a neartú agus a láidriú fud fad na Gaeltachta



Oifígh Pleanála Teanga leis an iar-Thaoiseach i mBaile Átha Cliath, 2019.



Croí na Gaeltachta

Pleanáil Teanga

UIMHREACHA

20

Plean Teanga ceadaithe

5

Phlean faoi bhráid na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán

18

Oifigeach Pleanála Teanga & 4 Oifigeach Cúnta i mbun oibre

100%

Próiseas tosaithe i 100% de na LPT

2/3

Próiseas tosaithe i 2/3 de na BSG



Féile Bídih Tobar Dhuibhne



Imeacht folláine Phobal Rua, An Cheathrú Rua



An comhartha 'Gaeilge & Fáilte' á léiriú go bródúil in Aerfort Dhún na nGall



Féile Bídih Tobar Dhuibhne



Seoladh Plean Teanga na Mí



Gaeltacht Dhigiteach

gteic

Is beag caint a bhí ar moil dhigiteacha, go háirithe faoin tuath, nuair a chuir Údarás na Gaeltachta tús le gréasán an gteic in 2018. Inniu, tá an gréasán is mó dá leithid in Éirinn forbartha againn fud fad na Gaeltachta.

Tá paindéim Covid-19 tar éis fócas ar leith a thabhairt don chur chuige seo, inar féidir le daoine aonarach a deiseanna maithe oibre bheith acu i gceantair Ghaeltachta, agus inar féidir le comhlachtaí idirnáisiúnta deis cian-oibríthe a thabhairt dá bhfoireann.

“Is lathair fiúntach í Gteic@Ghaoth Dobhair do Ghlor na nGael le bheith ag obair inti. Oireann an rogha spásanna oibre agus an solúbthacht idir oifigí neamhspleácha, deascanna sealáíochta agus seomraí cruinnithe muid.”

**Dara Ó Baoill – Glór na nGael –
gteic@GaothDobhair**



“Tá an spás sa Gteic ar an gCeathrú Rua iontach – an leathanbhanda breá scioptha agus atmasféar iontach le bheith ag obair ann.”

**Ciara Ferguson, MeasMedia –
gteic na Ceathrún Rua**





gteic

Gréasán Digiteach na Gaeltachta

UIMHREACHA

16

16 mol dhigiteach gteic oscailte

450

Suas le 450 spás ar fáil i rith na dianghlasála Covid-19

200


Suas le 200 duine ag obair in ionaid gteic faoi dheireadh 2020, srianta Covid-19 san áireamh

660+

660+ spás oibre forbartha, súil le suas le 700 spás faoi dheireadh 2021

15

15 eile á fhorbairt



gteic Arainn Mhór



Gaeltacht Dhigiteach

ERNACT

Fógraíodh i dtús mí Mheán Fómhair 2020 go bhfuil Údarás na Gaeltachta anois ina mball iomlán de ERNACT (European Regions Network for the Application of Communications Technology). Táthar ag súil go rachaidh ballraíocht de ERNACT chun tairbhe mór do gheilleagar digiteach Ghaeltacht na hÉireann. Beidh deis ag ceantair Ghaeltachta i nDún na nGall, Maigh Eo, Gaillimh, an Mhí, Ciarraí, Corcaigh agus Port Láirge anois eolas agus dea-chleachtas a roinnt agus tionscnaimh chomhoibríochá trasnáisiúnta a bheartú agus a chur i bhfeidhm le gréasán de 9 réigiún eile ERNACT i 7 dtír ar fud na hEorpa, Chríoch Lochlann agus Cheanada.



Toscaireacht ó Scottish Chambers le Micheál Ó hÉanaigh agus an Dr. Aodhán Mac Cormaic, Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán

Oscailt gteic Béal Átha an Ghaorthaidh



Gaeltacht Dhomhanda

Diaspóra na Gaeltachta

Chonaic muid in 2018 go raibh deis ceangal le pobal Diaspóra na Gaeltachta, scaipthe fud fad na cruinne ach a bhfuil ceangal láidir fós acu leis an mbaile.

Trí ócáidí a chruthú agus nascanna níos láidre a chothú, d'aithin muid go raibh deis pobal na Gaeltachta a mhealladh abhaile nó cuidiú doirse a oscailt don Ghaeltacht i dtaobh foinsí infheistíochta agus fostaíochta.

Asia Matters

Le linn an tréimhse d'oibrigh Údarás na Gaeltachta mar bhall den eagraíocht Asia Matters chun ceangailí leasmhara a bhaint amach don Ghaeltacht i dtíortha na hÁise. Ritheadh an seimineár 'Aghaidh ar an Áise' ar líne i mí na Nollaig 2020 le léargas a thabhairt ar na deiseanna atá ar fáil sa mhór-roinn fíor-thábhachtach seo d'fhiontraithe agus do chomhlachtaí na Gaeltachta agus na tíre.



Ócáid Ireland's Gaeltacht Experience i mBostún

BAINTE AMACH

Nuachtlitir *Cairde na Gaeltachta* dhá sheoladh ag breis agus 400 sintiúsóir de chuid an Diaspóra Gaeltachta.

Páirteach i bParáid Lá'l Pádraig i mBostún agus ag reachtáil ócáid *Ireland's Gaeltacht Experience* do phobal South Boston.

Neartaigh an tÚdarás an ceangal le Diaspóra na Gaeltachta sna Stáit Aontaithe, i gCleveland, Philadelphia, Chicago agus Los Angeles.

Feachtas ar bun ar na meáin shóisialta agus leas á baint as an haischlib **#diasporagaeltachta**



Gaeltacht Dhomhanda

Ceangal le hAlban



Aire Airgeadais na hAlban, Kate Forbes, le Micheál Ó hÉanaigh ag ócaid Éire Alba do thoscaireacht na Gaeltachta i gCaisleán Dún Éideann

Tugadh cuireadh d'Údarás na Gaeltachta moltaí a chur chun cinn i dtaca le Polasaí Déthaobhach nua a fhorbairt idir Éire agus Albain i 2020. Ní hamháin go bhfuair An tÚdarás cuireadh bunaithe ar naisc sheanbhunaithe bainteach le Diaspóra na Gaeltachta ach bhí cuntas glinn tugtha do na caidrimh nuabhunaithe atá idir An Ghaeltacht agus Albain. Caidrimh chultúrtha agus eacnamaíoch thar réimse leathan gníomhaíochtaí macasamhail, imeachtaí cultúrtha, misin thrádála, muirshaothrú agus na healaín. Beidh an polasaí déthaobhach seo ag clúdach fuinneamh inathnuaithe le béim ar fuinneamh mara, an gréasán digiteach Gaeltachta gteic, Teanga & Cultúr agus an Acmhainn Mara.

BAINTE AMACH

In 2018, chuir an tÚdarás fáilte roimh thoscaireacht ó Chumann Tráchtála na hAlban chuig gteic Ghaoth Dobhair.

Fógraíodh comhaontú nua idir Údarás na Gaeltachta agus Cumann Tráchtála na hAlbain chun infheistíocht agus deiseanna trádála a éascú.

Tá Údarás na Gaeltachta sonraithe mar pháirtí atá lárnach sa gceangal idir an dá tír i bPolasaí nua Déthaobhach idir Éire agus Alba



SEIRBHÍSÍ ÓIGE,
OIDEACHAIS AGUS
OILIÚNA SA GHAELTACHT

€1.875M

Allúntas de €1.875m curtha ar fáil do Mhuintearas don tréimhse 2018-2020

€1.605M

Allúntas de €1.605m curtha ar fáil do Chomhar Naíonraí don tréimhse 2018-2020 chun tacú le cúrsaí réamhscolaíochta sa Ghaeltacht

1,627

ag baint úsáid as na seirbhísí

62

Líon na naíonraí

199

fostaithe ag an Comhar Naíonraí na Gaeltachta

Neartú na Gaeltachta Forbairt Pobail

Sna blianta a chuaigh romhainn, bhí tuairim choitianta ann gur ón mbarr anuas ab fhearr pobal a neartú agus a mhúnlú – le polasaithe Stát, nó rialacha rialtais.

Sa lá atá inniu ann, áfach, creideann Údarás na Gaeltachta a mhalairt – is gá go mbeadh na pobail lárnach in aon athruithe ina gceantar má táthar chun éirí le na hathruithe sin. Thug Straitéis 2018-2020 aghaidh ar borradh a chur faoin bhfís seo a bhí againn an Ghaeltacht a neartú.

Shamhlaigh muid Gaeltacht ina raibh na pobail féin gníomhach, oilte agus láidir i dtaobh ról ceannasaíochta a ghlacadh ar a dtodhchaí. Chuige sin, bhí, tá agus beidh forbairt na n-eagrais phobal-bhunaithe mar thosaíocht láidir ag Údarás na Gaeltachta.

Déanann an tÚdarás maoiniú ar ghréasán de 33 eagrais forbartha pobail agus bíonn na heagrais seo, idir comharchumainn agus comhlachtaí pobalbhunaithe, lárnach i dtograí turasóireachta, pleanáil teanga, fuinneamh in-athnuaite agus an gréasán gteic, i measc tograí eile.

Bealaí nua rothaíochta agus siúlóide forbartha i Seanamhach, Conamara.



Thacaigh muid le léithidí Comharchumann Chléire gnólachtaí ar nós drioglann a fhorbairt.





Neartú na Gaeltachta

Aonad Forbartha Pobail

Bhunaigh an tÚdarás Aonad Forbartha Pobail i 2019, aonad atá dírithe ar chúnaimh agus ar thacaíocht a chur ar fáil do na heagrais forbartha pobail chun cuidiú leo a gcuid spriocanna forbartha ar mhaithe le pobal na Gaeltachta a bhaint amach.

Sheol Údarás na Gaeltachta lámhleabhar cuimsitheach rialachais agus dea-chleachtais chun tacú le na heagrais forbartha pobail Gaeltachta, agus eagraíodh ceardlanna ar líne chun cuidiú leo a gcuid spriocanna a bhaint amach.

Bunaíodh Clár Fiontraíochta Sóisialta Gaeltachta in 2020, clár oiliúna agus meantóireachta chun cuidiú le na heagrais forbartha pobail Gaeltachta cur lena scileanna forbartha gnó.

Bainisteoirí Comharchumainn ag seoladh lámhleabhar nua Aonad Forbartha Pobail Údarás na Gaeltachta.





Neartú na Gaeltachta

Forbairt Pobail — Eacnamaíocht Ghlas

UIMHREACHA

€6.7M

Deontais Reáchtála de €6.7m curtha ar fáil do Chomharchumainn agus eagrais phobalbhunaithe i rith tréimhse na straitéise

Staidéar ag Calafort Ros an Mhíl

Chuir an tÚdarás tús le próiseas chun Calafort Ros an Mhíl a fhorbairt mar bhunionad seirbhíse agus lóistíochta don earnáil fuinnimh in-athnuaite chun an leas is mó gur féidir a bhaint as cúrsaí fuinnimh mara.

Staidéar Fótvoltach ar Pháirc Gnó Ghaoth Dobhair

Agus inbhuanaitheacht ina thosaíocht leanúnach ag Údarás na Gaeltachta, cuireadh tús in 2020 le staidéar féidearthachta maidir le Páirc Fhótavoltach a fhorbairt ar Pháirc Ghnó Ghaoth Dobhair.

Tionscnamh Fótvoltach ar an Chrompán, An Cheathrú Rua

Tugadh faoi thogra fótvoltach pobail i gcomhar le Comharchumann Mhic Dara Teo. ar Pháirc Ghnó na Ceathrún Rua, ag cruthú múnla d'eagrais forbartha pobail Gaeltachta eile gur mian leo a leithéid a fhorbairt.



Páirc Ghnó Ghaoth Dobhair



Neartú na Gaeltachta

Fobairt Pobail – Eacnamaíocht Ghlas

LAN CTR/Cill Ulta

Tá tús curtha ag LAN CTR le cruthú Lárionad inbhuanaitheachta Athnuachana agus Bitheacnamaíochta Chiorclach le tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta.

Comharchumann Fuinnimh Oileáin Árann

Tá Údarás na Gaeltachta ag tacú le staidéar féidearthachta i gcomhair le SEAI agus Comharchumann Fuinnimh Oileáin Árann maidir leis na dúshlán agus féidearthachtaí a bhaineann le pobail ag cruthú a gcuid fuinneamh féin trí leas a bhaint as an ghaoithe.

Togra LECO

Le buiséad €1.9m, ritheadh an togra seo go mí Iúil 2020. Ba é cuspóir an togra ná go mbeadh na Pobail Áitiúla Fuinnimh Inmharthana (LECo) a bunaíodh le linn an togra féin-dóthaineach ó thaobh fuinnimh de agus go mbainfeadh siad úsáid as foinsí in-athnuaite áitiúla.

LAN CTR Cill Ulta



Inis Oírr



UIMHREACHA

2018

Líon Rannpháirtithe: 1,093
Líon Saoistí: 49.

2019

Líon Rannpháirtithe: 1,032
Líon Saoistí: 49.

2020

Líon Rannpháirtithe: 972
Líon Saoistí: 49

1,032

Meán Rannpháirtithe do
tréimhse na straitéise:
1,032

€17,000,000

Buiséad bliantúil do
Scéimeanna Fostaíochta
Sóisialta: €17,000,000

Neartú na Gaeltachta

Scéimeanna Fostaíochta Pobail

Déanann Údarás na Gaeltachta luach €17 milliún de Scéimeanna Fostaíochta Pobail a bhainistiú sa Ghaeltacht, le 1,000 rannpháirtí ag cur le seirbhísí agus áiseanna na Gaeltachta. Tá ról thar a bheith tábhachtach ag na Scéimeanna Fostaíochta Pobail maidir le forbairt agus feabhsú áiseanna pobail, spórt, agus soláthar seirbhísí ar nós Béilí ar Rothaí.

Gáirdín Céadfach, Scoil Cholmcille Ros an Mhíl

Mar pháirt de chomóradh caoga bliain Scoil Cholmcille i Ros an Mhíl, Conamara, osclaíodh gáirdín céadfach nua ar chúl na scoile. Is iad na Scéimeanna Fostaíochta Pobail a thug faoin obair seo, i gcomhar le foireann na scoile agus muintir na háite.





UIMHREACHA

33

Eagraíocht forbartha pobail dhá mhaoiniú ag Údarás na Gaeltachta

Neartú na Gaeltachta

Scéimeanna Fostaíochta Pobail

Slí Chonamara

Tá obair mhór déanta ag Scéimeanna Fostaíochta Pobail faoi chúram an Údaráis agus iad i mbun cothabháil ar Slí Chonamara. Seoladh Slí Chonamara in 2007 mar cheann de shiúlóidí aitheanta slí-mharcáilte na tíre ach thit sé i léig le himeacht ama. Rinne na Scéimeanna cothabháil ar an siúlóid, ag féachaint leis an gcuid sin den tsiúlóid a shíneann cois chósta nach mór ón Spidéal go Ros an Mhíl a dheisiú agus a athchlárú mar siúlóid aitheanta. Tá sé de fíis go mbeidh an siúlóid mar áis caitheamh aimsire ag an bpobal áitiúil agus mar acmhainn turasóireachta sa gceantar.





Neartú na Gaeltachta

LEADER

Údarás na Gaeltachta mar chomhpháirtí i gcur i bhfeidhm clár LEADER i nGaeltachtaí Dhún na nGall agus Corcaigh. Cuireadh críoch leis an gClár LEADER reatha 2016 – 2020 ag deireadh na bliana agus ceadaíodh buiséad iomlán deontais de €1.764m a rinne infheistíocht i 49 togra tionscadail faoi na téamaí: Leathanbhanda, Turasóireacht Tuaithe, Seirbhísí dírithe ar Phobail Imeachacha, Timpeallacht, Forbairt na Fiontraíochta agus Bailte Tuaithe.

Páirc uile-aimsire, An Fál Carrach





Neartú na Gaeltachta

Forbairt Fo-Réigiúnach

Thug Údarás na Gaeltachta faoi tosaíochtaí forbartha fo-réigiúnacha ar leith le linn 2018-2020, le féachaint ar na deiseanna a bhí ann cur le fostaíocht, turasóireacht agus seirbhísí, i measc gnéithe eile i gceantair Ghaeltachta faoi leith: Siad sin Tasc Fhórsa Uíbh Ráthaigh,, Tasc Fhórsa Ráth Chairn, Plean Gníomhaíochta d'Iorras Aithneach agus Plean Gníomhaíochta na Ceathrún Rua.

Cruinniú Tascfhórsa Uíbh Ráthaigh



Tharraing seoladh an Plean Iorras Aithneach go leor poiblíochta.



Seoladh an Plean Iorras Aithneach





Neartú na Gaeltachta

Tograí Straitéiseach

Coláiste Íosagáin

In 2019 ceadaíodh €180,000 faoin gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe d'Údarás na Gaeltachta chun máistir phlean a ullmhú do suíomh Choláiste Íosagáin, lena chinntiú go mbeadh tionchar dearfach ó thaobh cúrsaí sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíochta ar an gceantar áitiúil agus ar an réigiún i gcoitinne. Chomh maith leis sin ceadaíodh €2.7m faoin gCiste um Fhorbairt Fiontraíochta Réigiúnaí (REDF) chun Mol Forbartha Réigiúnach a bhunú. Cruthóidh an Mol Forbartha Réigiúnach deiseanna fostaíochta breise agus déanfar an bonn fiontraíochta a leathnú agus a láidriú go háitiúil. Tá an maoiniú atá ceadaithe faoin gCiste um Forbairt Fiontraíochta Réigiúnaí á sheachadadh trí Fhiontraíocht Éireann agus cuirfidh Údarás na Gaeltachta maoiniú de €1m ar fáil don togra chomh maith.

Sean Ospidéal an Daingin

D'éirigh leis an Údarás maoiniú seachtrach €415,000 a aimsiú faoin gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe chun máistirphlean a chur le chéile don togra Sean Ospidéal an Daingin.



Sean Ospidéal an Daingin



Coláiste Íosagáin roimh athfhorbairt.



Tograí Eorpacha

Tá Údarás na Gaeltachta bainteach le tograí éagsúla Eorpacha le blianta fada anuas mar phríomhpháirtneir, mar pháirtneir agus mar fho-pháirtneir.

SAFER

Tá Údarás na Gaeltachta, i gcomhar le páirtneirí eile Eorpacha, páirteach i dtionscadal SAFER, clár forbartha atá dírithe ar éifeachtúlacht, ar phróisis nua agus ar dheiseanna fáis a chruthú san earnáil bhiamara.

Digi2Market

Sé an aidhm atá leis an togra ná úsáid a bhaint as teicneolaíocht thumthach le caoga comhlacht trasna na páirtneireachta chun cuidiú leo a gcuid margaiócht agus díolacháin a fhorbairt taobh amuigh den réigiún féin.

RegEnergy

Is éard atá i gceist le togra RegEnergy ná an t-éileamh mór ar fhuinneamh i mbailte agus cathracha na hEorpa a sholáthar le fuinneamh a bheadh á ghiniúint amuigh faoin tuath.

REACT

Tá oileáin ar fud cósta na hEorpa ag brath go mór ar mhargadh fuinnimh na mórthíre, rud atá in ann bheith costasach, agus díronn an togra seo.

Access2Sea

Cuireann Access2Sea le tarraingteacht chóstaí Limistéar an Atlantaigh do ghnóthaí beaga agus meánmhéide trí dheiseanna gnó nua a éascú agus rochtain níos inmharthana agus níos fusa a chur ar fáil.

Emporia4KT

Trí EMPORIA4KT, feabhsófar comhoibriú agus sineirge trasnáisiúnta idir na gníomhaithe héilics triaracha acadúla, gnó agus rialtais chun nuálaíocht agus iomaíochas a chothú trína tacófar leis an nGeilleagar Gorm i Limistéar an Atlantaigh.

SW-Grow

Is é cuspóir an tionscadail ná deiseanna eacnamaíocha a mhéadú i dtionscal na feamainne trí chleachtais nuálaíocha oibre a fhorbairt i measc na bhfrontar beag agus meánmhéide atá páirteach sa tionscadal seo.

Erasmus+

Tá Údarás na Gaeltachta ina pháirtneir i dtogra Erasmus+ dar teideal 'Múineadh nuálaíochta teangacha i dtír dhátheangach'. Mairfidh an togra seo 3 bliana (01/09/2019 – 31/08/2022) agus é mar aidhm aige dea-chleachtais ó thaobh múineadh an dara teanga a chur chun cinn.

Togra LIFE Atlantic CREX

Tá Údarás na Gaeltachta i gcomhpháirtíocht leis an togra Eorpach Life Atlantic Crex a bhfuil sé mar aidhm aige feabhas a chur ar stádas caomhnaithe an traonaigh in Éirinn trí Limistéir faoi Chosaint Speisialta (LCS) áirithe agus an talamh feirme ina dtimpeall a fheabhsú.



Tograí Eorpacha

AER – Assembly of European Regions

Tá Údarás na Gaeltachta mar bhall den Assembly of European Regions (AER), agus le linn tréimhse na Straitéise, bhí ag obair i gcomhar le heagrais agus údaráis réigiún-bhunaithe eile ar fud na hEorpa i dtaobh forbairt tograí, babhtáil eolais agus cur le gréasáin tacaíochta.





Cuisle na Gaeltachta

Gnó agus Fostaíocht

UIMHREACHA

€20.169M

Le linn tréimhse na straitéise rinne Údarás na Gaeltachta infheistíocht de €20.169m in punann maoinne agus i bhforbairt foirgnimh nua chun tacú le frontar a spreagadh agus fostaíocht a chruthú sa Ghaeltacht.

Cuidíonn Údarás na Gaeltachta le réimse leathan gnólachtaí – idir beag agus mór, nuálaíoch agus traidisiúnta. Seo cuisle na Gaeltachta, agus is trí gnólachtaí a chothú agus a neartú a chinnteofar pobal inmharthana, agus, dá réir Gaeltacht folláin.

Tá an Ghaeltacht féin mealltach do chomhlachtaí móra – leithéidí Radox i dTír Chonaill agus Mylan i nGaillimh, mar go dtuigeann siad go bhfuil fáil ar fhostaithe oilte, agus go bhfuil na ceantair féin mealltach ó thaobh slí maireachtála de.

É sin ráite, tá an-bhéim dhá chur againn le blianta beaga anuas ar gnólachtaí a spreagadh a bheidh fréamhaithe i dteanga, i gcultúr nó i dtimpeallacht na h-áite.

Cuidíonn Údarás na Gaeltachta lenár gcuid cliaintchomhlachtaí uile an Ghaeilge a chur chun cinn ina ngnó, ag aontú plean teanga leo agus ag tacú leo sin a bhaint amach.

Louis Mulcahy agus branda Gaeltacht na hÉireann



Foireann Radox i nGaeltacht Dhún na nGall



Cuisle na Gaeltachta

Gnó agus Fostaíocht

€17.6m

Le linn an tréimhse 2018-2020 cheadaigh Údarás na Gaeltachta tacaíochtaí airgeadais deontais €17.6m agus scaireanna do ghnóthaí chun fostaíocht a chruthú agus a bhuanú sa Ghaeltacht.

Líon Infheistíochta agus Fostaíochta Cruthaite ag Údarás na Gaeltachta

2018

Poist Nua Cruthaithe: 589

Poist Nua Ceadaithe: 525

Infheistíocht i dtograí na bPoist Nua Ceadaithe: €42milliún

2019

Poist Nua Cruthaithe: 593

Poist Nua Ceadaithe: 480

Infheistíocht i dtograí na bPoist Nua Ceadaithe: €33 Milliún

2020

Poist Nua Cruthaithe: 427

Poist Nua Ceadaithe: 258

Infheistíocht i dtograí na bPoist Nua Ceadaithe: €13 Milliún





Tionchar Eacnamaíochta Cliantchomhlachtaí an Údaráis 2018–2020



€1.297B

Caiteachas Díreach i
nGeilleagar na hÉireann



€568M

Caiteachas Párolla Iomlán



€2.629B

Díolachán Iomlán



€1.579B

Díolachán Easpórtála
(60% den Díolachán Iomlán)



Cuisle na Gaeltachta
Cliantchomhlachtaí

UIMHREACHA

€88M

Méid infheistíochta ceadaithe
thar tréimhse na straitéise





Tacaíocht Leanúnach

Chuir Údarás na Gaeltachta tacaíocht leanúnach, sa mbreis ar thacaíocht deontais agus maoin, ar fáil dá gcuid cliaintchomhlachtaí i gcaitheamh tréimhse na straitéise, i dtaobh meantóireacht, comhairleoireacht agus freisin, ag úsáid ardáin meáin shóisialta an Údaráis chun aird a tharraingt ar a gcuid oibre agus a gcuid táirgí.

Reáchtáladh, mar shampla Expo Ceardaíochta agus Expo Bia agus Deoch, ag obair i gcomhar le ceardaithe agus táirgeoirí chun solas a scaladh ar a gcuid saothair agus chun cur lena gcuid deiseanna díolachán.

EXPO Bia & Deoch



EXPO Ceardaíochta





Tionchar Covid-19 agus Breatimeacht

Níl aon amhras ann ach go raibh tionchar diúltach ag Covid-19 ar an dul chun cinn a bhí dhá dhéanamh againn i dtaobh cúrsaí gnó agus fostaíochta a neartú.

Bhí Údarás na Gaeltachta chun cinn ar an sprioc a bhí leagtha amach sa Straitéis 7,500 post Gaeltachta bheith in áit faoi dheireadh 2020, go dtí gur chuir an phaindéim eacnamaíochta na Gaeltachta agus na cruinne trína chéile.

B'fhacthas dúinn, ó thús na géarchéime, go raibh sé de chúram orainn tacú lenár gcuid cliantchomhlachtaí chun gach deis a thabhairt dóibh a gcuid fostaithe a choinneáil, infreastruchtúir dhigiteach a fheabhsú agus iad a neartú in éadan na géarchéime seo.

Cur Chuige Covid-19 & Breatimeachta an Údaráis

Sheol an tÚdarás plan tacaíochta agus eolais ag tús na géarchéime COVID-19 i mí an Mhárta 2020 chun tacú le pobail agus gnóthaí na Gaeltachta, agus idir na tacaíochtaí sin agus tacaíochtaí a bhain le comhlachtaí Gaeltachta a bheith ullmhaithe don Bhreatimeacht, ceadaíodh os cionn €7.4m do thograí agus comhlachtaí Gaeltachta.

Uimhreacha

€8m

i soláthar caipitil ceadaithe d'fhorbairt infreastruchtúr gnó na Gaeltachta

€7.4m

i dtacaíochtaí COVID-19 ceadaithe do chomhlachtaí Gaeltachta

413

Tacaíocht curtha ar fáil do 413 comhlacht Gaeltachta faoin Scéim Trádála ar Líne agus Dearbhán Leanúnachais Gnó

€6.4m

de thacaíocht ceadaithe ag Údarás na Gaeltachta i gcomhar le Fiontraíocht Éireann do chomhlachtaí lonnaithe sa nGaeltacht agus iad ag díriú ar bhuanú gnó, cúrsaí oiliúna, taighde agus cúrsaí pleanála airgeadais



Gaeltacht Chruthaíoch

Ealaín na Gaeltachta

Bhí Ealaín na Gaeltachta i gcroí-lár straitéis an Údaráis i dtaobh cur chun cinn na healaíne sa Ghaeltacht sa tréimhse 2018-2020.

Aisling?

Déanadh *Aisling?*, mór-léiriú ealaíne a bhí mar bhuaic ar an gclár 'An Teanga Bheo' de Chomóradh Náisiúnta 2016, a athbheochan in 2018 le camchuart náisiúnta mar chuid de Bhliain na Gaeilge. Le tacaíocht na Comhairle Ealaíona agus Foras na Gaeilge, léiríodh é i nGaillimh, Baile Atha Cliath, Port Láirge, Béal Feirste, Doire agus Ráth Chairn na Mí.

Uimhreacha

€2.2 milliún

Rinne Údarás na Gaeltachta agus an Chomhairle Ealaíon comhaoiniú ar Ealaín na Gaeltachta, le buiséad iomlán de €2.2 milliún á sholáthar don chomhlacht.

€325,000

In 2018, chuir An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán luach €325,000 ar fáil chun go ndéanfadh Údarás na Gaeltachta, trína fhochlacht Ealaín na Gaeltachta, forbairt chórasach ar ghníomhaíochtaí sna healaíona dúchasacha don óige sa Ghaeltacht. Cuireadh síneadh leis seo le hallúntas de €425,000 in aghaidh na bliana i 2019.



Gaeltacht Chruthaíoch

Ealaín na Gaeltachta

Óró

In ainneoin srianta Covid-19, d'éirigh le Ealaín na Gaeltachta a gcomhthogra le Gaillimh 2020 a thabhairt chun críche, an mórshaothar nua taibhealaíne, Óró, togra inár déarnadh ceiliúradh ar chultúr na míonteacha i gcomhar lenár gcomharsan Ceilteacha.

Tograí Eile

D'éirigh go h-iontach freisin le sraith imeachtaí agus gníomhaíochtaí de chuid léithidí Fíbín Teo, An Gailearaí i nGaoth Dobhair, Áras Éanna in Inis Oirr agus Ionad Cultúrtha an Dr. Ó Loinsigh i mBaile Bhuirne, a fuair maoniú ó Ealaín na Gaeltachta.

Uimhreacha

€700,000

Scéim Cothú:

Ceadaíodh tacaíocht do 24 togra le buiséad de €700,000

€400,000

Sparántachtaí:

Bronnadh sparántachtaí ar 105 ealaíontóir, as buiséad de luach €400,00

€256,000

Scéim Forbartha na nEalaíon

Tugadh tacaíocht do 30 togra pobail faoin scéim seo as buiséad de luach €256,000

€94,000

Scém Síol

Cuireadh deiseanna forbartha ar fáil do 171 ealaíontóir faoi scém Síol, as buiséad de luach €94,000





Gaeltacht Chruthaíoch

Ealaín na Gaeltachta

Teach Damhsa

Tá cead pleanála faighte ag an Teac Damhsa ar an nGlaise Bheag chun oibreacha a dhéanamh ar an bhfoirgneamh, oibreacha a dhéanfaidh spás sásúil compordach den seanmhonarcha. Rinneadh dul chun cinn ar obair chomhairleoireachta agus tá tús curtha leis an bpróiseas tairisceana chun tabhairt faoin obair athchóirithe. Rinneadh athnuachan ar dhíon na monarchan seo níos túisce in 2020.

Lár Ionad Cultúrtha Cuan

Tá Údarás na Gaeltachta ag obair le Stiúideo Cuan sa Spidéal chun an tionscadal straitéiseach, Lárionad Cultúrtha Cuan a fhorbairt, a chuirfeas léirithe cultúrtha den scoth ar fáil don mhargadh turasóireachta cultúrtha agus don diaspóra ach a mheallfas an pobal áitiúil chomh maith.



Gaeltacht Mealltach

Turasóireacht

Is cinnte go bhfuil athrú suntasach tagtha ar earnáil na turasóireachta i ngeall ar chúrsaí Covid-19. Ach má bhí agus má tá dúshlán linn, chreid agus creideann muid go láidir go bhfuil deiseanna iontacha sa turasóireacht don Ghaeltacht.

Tá acmhainní luachmhara againn atá mealltach don turasóir: ár gcultúr agus ár dteanga, acmhainní mara, ár n-oidhreacht, agus ár ndaoine.

Chuíge sin ar fad, tá forbairtí déanta againn le trí bliana anuas chun infreastruchtúr turasóireachta a fhorbairt agus chun oiliúint cuí a chur ar fáil dóibh siúd atá ag feidhmiú in earnáil na turasóireachta.

Íomhá: Slí Gaeltacht Mhúscraí – Ultra46





Gaeltacht Mealltach

Turasóireacht

Tograí Straitéiseach Turasóireachta

Mar chuid de chomhpháirtíocht leis An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, chuir muid cúig thogra turasóireachta aitheanta chun cinn in 2018.

Tá na tograí seo dhá bhforbairt i gcomhar le na pobail áitiúla, na comharchumainn Gaeltachta go lárnach ina measc. Táthar ag obair i gcomhar le dreamanna ábhartha eile chomh maith, léithidí Fáilte Éireann, Bord Iascaigh Mhara agus údaráis áitiúla éagsúla.

Is iad an cúig togra atá aitheanta agus aontaithe leis an Roinn le cur chun cinn ná:

- Áras Scéalta an Atlantaigh, An Eachléim
- Ionad Míniúcháin na nImirceach, Carna
- Ionad Feamainne/Oileánra Leitir Mealláin
- Ionad Árainn, Inis Mór
- Áras Éanna, Inis Oírr

Teach solais
An Fód Dubh



Ionad na
nImirceach



Ionad
Feamainn &
Oidhreacht
Leitir
Mealláin





Tograí Turasóireachta

Teach Solais Cheann Fhánada

Gailearaí Thóraigh

Drioglann Chroithlí

Togra na hEaragaille

Sliabh Liag

Áras Scéalta an Atlantaigh

Drioglann Acla

Tionscadal Geopháirc

Ionad na h-Imirceadh

Ionad Feamainn & Oidhreachta

Ionad Oidhreachta Árains

Ionad Ealaín & Cultúr Áras Éanna

Turasóireacht Chorca Dhuibhne

Teach Damhsa

Slí Chorca Dhuibhne

Uisceadán Mara Beo

Ionad Turasóireacht Sean Ospidéal an Daingin

Bun Ionad Chlochán Bhréanain

Ionad Cultúrtha Coláiste Íosagáin

Cartlann Oidhreachta Ráth Chairn



Slí an Atlantaigh Fhiáin

Wild Atlantic Way

Téann 25% de Shlí an Atlantaigh Fhiáin tríd ceantair Ghaeltachta – rud a fhágann go bhfuil deis iontach againn leas a bhaint as an mbranda láidir seo. D'oibrigh muid le páirtnéirí éagsúla lena chinntiú go mbeadh tograí den chaighdeán ceart againn chun sin a dhéanamh.

Tá an tÚdarás i mbun cainteanna le Fáilte Éireann faoi na buntáistí atá in ann a bheith ag an tslí de bharr an t-éagsúlacht a thugann an Ghaeltacht agus an Ghaeilge di. Tá plé á dhéanamh i dtaobh Cosáin Bia agus Cosáin Drioglainne atá á bhforbairt mar earnálacha spéise ar leith agus a rachaidh chun tairbhe na Gaeltachta agus chun tairbhe an tSlí féin.





Turasóireacht

Na Drioglanna

Ceann de na hearnálacha atá forbartha go mór ag Údarás na Gaeltachta idir 2018-2020 is ea earnáil na drioglanna, le buntáistí turasóireachta i dtaobh ionaid cuartaíochta ag tacú le na buntáistí fostaíochta.

Is féidir taisteal anois ón nGaeltacht is faide ó dheas, áit a bhfuil Drioglann Oileán Chléire i gCorcaigh go Drioglann Daingean Uí Chúis i gCiarraí, Drioglanna Loch Measc agus Oileán Acla i Maigh Eo, Drioglanna Sliabh Liag agus Chroithlí i dTír Chonaill, le tuilleadh sa bpíblíne.



D'fhógair Údarás na Gaeltachta pacáiste tacaíochta do Dhrioglann Thír Chonaill chun gnó drioglainne agus ionad cuairteoirí a bhunú agus a fhorbairt



Scéim Forbartha Bainistíochta Turasóireachta

Tríd an Scéim Forbartha Bainistíochta Turasóireachta, tugadh tacaíocht do réimse tograí straitéiseach turasóireachta Gaeltachta chun cabhrú leis na tograí sin cur lena gcumas bainistíochta, margaíocht, forbartha agus feidhmiúcháin.

Tá sé tábhachtach d'earnáil na turasóireachta sa Ghaeltacht go mbeidh léiriú ar theanga, ar chultúr, ar thimpeallacht agus ar oidhreacht shaibhir na Gaeltachta mar ghné lárnach i bhforbairt na dtáirgí, seirbhísí agus na hacmhainní. Chomh maith leis sin tá sé riachtanach go mbeadh na scileanna bainistíochta turasóireachta cuí agus ábhartha ar fáil sa Ghaeltacht chun an tairbhe is fearr a bhaint as an acmhainn luachmhar turasóireachta atá ann.

Teach Solais Cheann Fhánada

Amharclann Ghaoth Dobhair

Ionad Cois Locha

Turasóireacht Dhún na nGall

Sliabh Liag

Áras Scéalta an Atlantaigh

Costa Gaelach Chonamara & Arann

Ionad na h-Imirceadh

Ionad Feamainn & Oidhreacht

Ionad Oidhreacht Árainn

Ionad Ealaín & Cultúr Áras Éanna

Slí Chorca Dhuibhne

Turasóireacht Chorca Dhuibhne

Cósta na Sceilge



Cumasú na Gaeltachta

Oiliúint

Creideann Údarás go láidir in oiliúint agus oideachas a chur ar fáil do phobal na Gaeltachta, ag cumasú an phobail le gur féidir leo an buntáiste is fearr a bhaint as forbairtí fostaíochta, cultúrtha agus sóisialta.

Creideann muid freisin go gcuireann clár láidir oiliúna go mór lenár gcuid iarrachtaí gnólachtaí dúchasacha a fhorbairt, chomh maith le gnólachtaí a mhealladh chun na Gaeltachta.

“Bhí mé in ann filleadh ar an bhaile, ach fós fanacht leis an gcineál slí mhaireachtála a bhí uaim a bhaint aach. Ní bheadh seo indéanta gan Scéim na gCéimithe agus tá mé an-bhuíoch as sin.”
Eoin Mc Hugh, Eolas na Mara

Roinnt de scoláireachtaí Scéim Forbartha Bainistíochta an Údaráis ag Lá Gairme Ollscoil na hÉireann, Gaillimh





Cumasú na Gaeltachta

Oiliúint

Scéim na gCéimithe

Faoin scéim seo thug muid deis oibre do chéimithe Gaeltachta le seal a chaitheamh i gcomhlacht Gaeltachta ag díriú ar thograí ar leith.

Scéim Forbartha na gCéimithe don Earnáil Forbartha Pobail

Cuireadh tús le Scéim Forbartha na gCéimithe don Earnáil Forbartha Pobail agus tá an clár seo dírithe ar earnáil na forbartha pobail. Íoctar deontas suas le €30K thar thréimhse dhá bhliain ag ráta 50%.

Cúrsaí Tríú Leibhéal i gcomhar le hInstitiúidí Tríú Leibhéal

I gcomhpháirtíocht leis na hInstitiúidí Tríú Leibhéal seo a leanas, tá maoiniú á chur ar fáil ag an Údarás do na cúrsaí seo leanas:

- Cúrsa Ard-Diplóma i nGaeilge Fheidhmeach agus Aistriúchán (Dearbhú Cáilíochta & Cáilíochtaí Éireann Leibhéal 8) / MSc (Dearbhú Cáilíochta & Cáilíochtaí Éireann Leibhéal 9) atá á riaradh ag Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe Mhaigh Eo i gcomhpháirt leis an gcomhlacht aistriúcháin Gaeltachta, Europus.
- Tá cúrsa Ard-Diplóma i Léiriú Teilifíse agus na Meáin Dhigiteacha (Dearbhú Cáilíochta & Cáilíochtaí Éireann Leibhéal 8) le Institiúid Phort Láirge i gcomhar leis an gcomhlacht léirithe teilifíse Gaeltachta, Nemeton.



Cúrsa Ard-Diplóma i Léiriú Teilifíse



Cumasú na Gaeltachta

Oiliúint

Comhpháirtíocht le TG4

Tá oifigeach faoi oiliúint fostaithe i ndeich gcomhlacht a sholáthraíonn ábhar léirithe do TG4 i ngeall ar chomhpháirtíocht speisialta atá cruthaithe idir Údarás na Gaeltachta agus TG4.

Printíseachtaí

Mar chuid den stráitéis oiliúna, chuir Údarás na Gaeltachta béim ar dhá chatagóir de phrintíseachtaí:

- Printíseachtaí Ceirde (i measc na gceirdeanna seo: siúinéireacht, pluiméireacht, meicníocht, gruagaireacht agus araile),
- Printíseachtaí Nua-aoiseacha (i measc na bprintíseachtaí seo: teicneoir saotharlainne, cleachtóir árachais, ceantálaíocht agus seirbhísí réadmhaoine agus araile)

Tá 12 earnáil éagsúil ag teacht faoin scéim agus 59 printíseacht, iad ar fad aitheanta ag SOLAS. Tá luach níos mó ná €2,000 an ceann ar na scoláireachtaí seo.

Jack Ó Domhnaill



Seoladh Scéim Forbatha Oiliúna TG4



UIMHREACHA

€4.7M

Le linn an tréimhse 2018-2020 cheadaigh Údarás na Gaeltachta €4.7m i dtreo tosaíochtaí oiliúna, cumasú agus forbairt scileanna sa Ghaeltacht

Cumasú na Gaeltachta

Oiliúint

Comhpháirtíocht leis na Boird Oiliúna agus Oideachais
Aithníonn Údarás na Gaeltachta na Boird Oiliúna agus Oideachais sna contaetha Gaeltachta mar phairtnéirí straitéiseacha i gcur chun cinn clár oibre an Údaráis. Tógadh ar an gcomhpháirtíocht seo sa tréimhse 2018-2020.

Cúrsa Mara i gCarna

Cuireadh tús le cúrsaí oiliúna in earnáil na mara, Cúrsa QQI Leibhéal 5 Dobharshaothrú sa mbliain 2020 i gceantar Charna.

Clár na gComhlachtaí

Thar tréimhse na sraitéise ghlac ós cionn 2,200 scoláire idirbhliaina ó 21 scoil Ghaeltachta páirt i gClár na gComhlachtaí a bhfuil sé mar aidhm aige spiorad na fiontraíochta a chothú i measc an aosa óig.

Scéim Forbartha Bainistíochta

I rith tréimhse na sraitéise tugadh scoláireacht do 23 céimí chun taithí oibre agus cáilíochtaí a bhaint amach sna réimsí Airgeadais, Innealtóireacht, Margaíocht, Caidreamh Poiblí, Dlí, Corparáideach, Forbairt Gnó agus Forbairt Pobail.

Clár na gComhlachtaí JAI 2018 Pobal Scoil Ghaoth Dobhair Buaiteoirí



Clár na gComhlachtaí 2018 - An tAire Seán Kyne le scoláire as Coláiste na Coiribe



Clár na gComhlachtaí 2019 - Miriam Ní Néill Údarás na Gaeltachta le foireann buacach as Coláiste Cholmcille





Cumasú na Gaeltachta

Oiliúint

Cúrsa Tógáil Báid i gCeantar na nOileán

Cuireadh tús le cúrsa Tógáil Báid Adhmaid i gCeantar na nOileán in 2020 agus tá ag eirí go maith leis ag dul ar aghaidh chomh maith.

Togra Garraíodóireachta

Tá cúrsaí garraíodóireachta á chur ar fáil ag an Bord Oideachais agus Oiliúna i gceantar Iorras Aithneach i gcomhar leis an Comharchumann áitiúla.

Cúrsa sna Meáin

Tá cúrsa oiliúna lánaimseartha ar a dtugtar Cúrsa Oiliúna sna Meáin á reáchtáil i dTeach an Mháineara ar an Spidéal ón mbliain 2019. Tá léas ag an mBord Oiliúna agus Oideachais ar an spás seo ón Údarás mar thacaíocht dóibh seirbhísí oideachais a chur ar fáil don phobal.

Cúrsa Oiliúna Bogearraí i gcomhar le BOO Dhún na nGall

Forbraíodh cúrsa oiliúna nua san Uath-Thástáil Bogearraí i nGaoth Dobhair i gcomhpháirt le Pramerica agus Údarás na Gaeltachta. Seachadadh an cúrsa i gteic Ghaoth Dhobhair, ar mhaithe le deiseanna fostaíochta a fhorbairt do phobal na Gaeltachta sa gcomhlacht, Pramerica.



Seoladh Comhpháirtíocht nua idir Údarás na Gaeltachta, BOO Dhún na nGall agus Pramerica.



Gaeltacht Eiseamláireach

Páirc na Mara

Níl léiriú níos fearr ar uaimhian an Údaráis i dtreo na Gaeltachta ná togra Pháirc na Mara. Seo togra ollmhór a thabharfaidh postanna buana ar ardchaighdeán chuig ceantar na Gaeltachta.

Ní hamháin sin, ach réitíonn an togra seo go h-iomlán leis an bhfís atá ag Údarás na Gaeltachta chun postanna a chruthú atá ceangailte go dlúth leis an gceantar ina bhfuil siad lonnaithe – bíodh siad ina dtograí teanga-lárnaithe, nó ina dtograí bunaithe ar acmhainní nádúrtha, mar is léir ó thogra Pháirc na Mara.





Gaeltacht Eiseamláireach

Páirc na Mara

Leagadh amach an fís do Pháirc na Mara sa Straitéis 2018-2020, agus tá iarratas pleanála anois lóisteáilte don togra – togra atá ar scála ollmhór i gcomhthéacs ceantair thuaithe na tíre seo, agus togra a chruthóidh na céadta post luachmhara i gceantar lorras Aithneach sna blianta amach romhainn.

Dul chun cinn suntasach a bhí in aimsiú €2 mhiliún chun forbairt a dhéanamh ar Ionad Taighde & Nuálach do Earnáil na Mara ar shuíomh Pháirc na Mara agus gur ceadáíodh bainisteoir a cheapadh. Tá obair mhór déanta chomh maith chun suim a mhúscailt i gcomhlachtaí chun bheith páirteach san Ionad Taighde agus Nuálach agus is léir go bhfuil suim láidir léirithe go dtí seo.



Gaeltacht Eiseamlárach

Lá na Mara

I measc na n-imeachtaí a d’eagraigh an tÚdarás i gceantar Iorras Aithneach a bhí bainteach le Páirc na Mara, bhí Lá Mara 2019 agus Lá Fuinnimh don Phobal. Cuireadh gnéithe a bhain le Páirc na Mara, ar nós bia agus táirgí farraige eile, tograí mara agus fuinneamh inathnuaite, os comhair an tslua shuntasáigh a d’fhreastail ar na himeachtaí. Tionóladh Lá na Mara Údarás na Gaeltachta don dara bliain in 2020, ach go fíorúil de bharr na paindéime. Thug saineolaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta mara a gcuid saineolais agus taithí ar inbhuanaitheacht acmhainní nádúrtha. Pléadh na bealaí go bhféadfadh feirmeoireacht bia mara cabhrú le gníomhaíocht aeráide agus caighdeán bainte feamainne chun inbhuanaitheacht a chinntiú i measc ábhair eile

Lá na Mara – Cill Chiaráin 2019



Lá Mara – Príomhfheidhmeannach Mícheál Ó hÉanaigh agus Teresa O Flaherty



Fís Nua

Branda Nua

D'aithin muid in 2018 go raibh athrú mór ag teacht ar an saol i dtaobh nósanna oibre, luachanna i leith na timpeallachta, agus an t-athstruchtúrú cumhachta ó bhrendaí móra go brandaí pearsanta. Thug an t-bogadh seo dóchas dúinn mar go bhfaca muid amach romhainn Gaeltacht láidir a bheadh in ann í féin a chur in iúl go muiníneach, láidir. Chuige sin shocraigh muid ar Bhranda nua a chruthú.

Tá an branda mar acmhainn chun an Ghaeltacht agus gach ghné de shaol na Gaeltachta a chur chun cinn ar mhaithe le buanú pobal na Gaeltachta agus na Gaeilge. Tá an branda ar fáil do gach uile dhuine le húsáid – ár gcuid cliaint, comhlachtaí eile Gaeltachta, eagraíochtaí pobail, an earnáil turasoíreachta, na healaíona agus eile.

Is féidir le haon duine atá lonnaithe sa Ghaeltacht iad féin a aithint leis an Ghaeltacht trí an branda a húsáid ar chomharthaí, ar ábhar margaíochta ar líne agus clóite, ar tháirgí agus ar phacáistiú, ar éide sa láthair oibre, ar na meáin shóisialta agus i mbun cumarsáide le custaiméirí agus leis an bpobal.

Ag deireadh 2020, bhí Branda na Gaeltachta in úsáid ag os cionn 500 gnó, eagraíocht, limistéar pleanála teanga agus cumann Gaeltachta.

